Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Nollaig 2017
(OR. en)

15642/17

Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0276 (COD)

| | |
|---|---|
| CODEC 2059 | SOC 808 |
| ECOFIN 1114 | EMPL 615 |
| POLGEN 169 | EF 339 |
| COMPET 866 | AGRI 694 |
| RECH 417 | TELECOM 356 |
| ENER 510 | UEM 345 |
| TRANS 552 | JAI 1193 |
| ENV 1060 | PE 105 |
| EDUC 452 | |

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) 2015/1017 i ndáil le síneadh a chur le ré an Chiste Eorpaigh le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha chomh maith le feabhsuithe teicniúla ar an gCiste sin agus ar an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht a thabhairt isteach.<br>- Torthaí ón gcéad léamh ag Parlaimint na hEorpa,<br>(Strasbourg, 11-14 Nollaig 2017) |

## I. RÉAMHRÁ

I gcomhréir le forálacha Airteagal 294 CFAE agus leis an dearbhú comhpháirteach maidir le socruithe praiticiúla do nós imeachta na comhchinnteoireachta[1], bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún ar mhaithe le teacht ar chomhaontú maidir leis an sainchomhad seo ar an gcéad léamh, d'fhonn an dara léamh agus idir-réiteach a sheachaint.

[1] IO C 45, 30.6.2007, lch. 5

Ós amhlaidh atá, thíolaic an rapóirtéir José Manuel FERNANDES (S&D, PT), thar ceann Choiste na mBuiséad, leasú comhréitigh (leasú 3) ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 2015/1017 i ndáil le síneadh a chur le ré an Chiste Eorpaigh le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha chomh maith le feabhsuithe teicniúla ar an gCiste sin agus ar an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht a thabhairt isteach. Is le linn na dteagmhálacha neamhfhoirmiúla dá dtagraítear thuas a comhaontaíodh an leasú sin.

## II. VÓTÁIL

Ghlac an seisiún iomlánach an leasú comhréitigh (leasú 3) ar an togra le haghaidh rialacháin ag an vóta a caitheadh ar an 12 Nollaig 2017. Is é atá sa togra ón gCoimisiún mar a leasaíodh é seasamh na Parlaiminte ar an gcéad léamh. Tá an togra sin le fáil sa rún reachtach ón gCoimisiún mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo[2].

Léirítear le seasamh na Parlaiminte ar comhaontaíodh roimhe sin idir na hinstitiúidí. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann seasamh na Parlaiminte a fhormheas.

Ar an gcuma sin, dhéanfaí an gníomh a ghlacadh leis an bhfoclaíocht a fhreagraíonn do sheasamh na Parlaiminte.

---

[2] I dtaca leis an leagan sin de sheasamh na Parlaiminte atá le fáil sa rún reachtach, déantar na hathruithe a rinneadh de bharr na leasuithe a cuireadh ar an togra ón gCoimisiún a mharcáil. Déantar aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún a léiriú le ***cló trom agus cló iodálach.*** Léirítear téacs a scriosadh leis an tsiombail "▌".

# Síneadh a chur le ré an Chiste Eorpaigh le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha ***I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Nollaig 2017 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) 2015/1017 i ndáil le síneadh a chur le ré an Chiste Eorpaigh le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha chomh maith le feabhsuithe teicniúla ar an gCiste sin agus ar an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht a thabhairt isteach (COM(2016)0597 – C8-0375/2016 – 2016/0276(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2016)0597),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2), d'Airteagal 172 agus d'Airteagal 173, don tríú mír d'Airteagal 175 agus d'Airteagal 182(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic a Coimisiún an togra don Pharlaimint (C8-0375/2016),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 15 Nollaig 2016[3],

– ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún an 7 Nollaig 2016[4],

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 69f(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don ghealltanas a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 8 Samhain 2017 chun an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do phléití comhpháirteacha an Choiste um Buiséid agus an Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadaíochta faoi Riail 55 de na Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Buiséid agus don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadaíochta agus do na tuairimí ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Rialú Buiséadach, ón gCoiste um Fhostaíocht agus um

[3] IO C 75, 10.3.2017, lch. 57.
[4] IO C 185, 9.6.2017, lch. 62.

Ghnóthaí Sóisialta agus ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach (A8-0198/2017),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. ag tabhairt dá haire an ráiteas ón gCoimisiún atá i gceangal leis an rún seo;

3. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig an bParlaimint arís má chuireann sé téacs eile in ionad a thogra, má leasaíonn sé go suntasach é nó má tá sé ar intinn aige é a leasú go suntasach;

4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**P8_TC1-COD(2016)0276**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 12 Nollaig 2017 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2017/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 2015/1017 i ndáil le síneadh a chur le ré an Chiste Eorpaigh le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha chomh maith le feabhsuithe teicniúla ar an gCiste sin agus ar an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht a thabhairt isteach**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 172 agus Airteagal 173, an tríú mír d'Airteagal 175 agus Airteagal 182(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[5] ,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[6],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[7],

---

5 IO C 75, 10.3.2017, lch. 57.
6 IO C 185, 9.6.2017, lch. 62.
7 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Nollaig 2017.

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Ón uair a cuireadh an teachtaireacht ón gCoimisiún "Plean Infheistíochta don Eoraip" (an "Plean Infheistíochta") i láthair an 26 Samhain 2014, tá feabhas tagtha ar chúrsaí sa dóigh go bhfuil na dálaí ann anois le haghaidh méadú ar infheistiú agus tá muinín á cur athuair i ngeilleagar na hEorpa agus ina chumas fáis. Is í seo an ceathrú bliain as a chéile a bhfuil téarnamh measartha ar siúl san Aontas, agus bhí ráta fáis 2% faoi Olltáirgeacht Intíre an Aontais in 2015, ***ach tá na rátaí dífhostaíochta fós níos airde ná mar a bhí siad roimh an ngéarchéim***. Tá torthaí nithiúla cheana ar na hiarrachtaí cuimsitheacha ar cuireadh tús leo leis an bPlean Infheistíochta, in ainneoin ***nach féidir meastachán a dhéanamh fós ar an tionchar iomlán a bhí ag an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS) ar an bhfás*** mar nach féidir éifeachtaí maicreacnamaíocha a bheith ag tionscadail mhóra infheistíochta láithreach bonn. Tá méadú tar éis teacht de réir a chéile ar infheistiú i rith ▌ 2017 ***ach tá an luas fós mall go maith agus*** fós faoi bhun na leibhéal stairiúil.

(2) Ba cheart an móiminteam dearfach infheistíochta sin a chothabháil agus ba cheart leanúint ar aghaidh leis na hiarrachtaí chun infheistíocht a thabhairt ar ais chuig treocht fhadtéarmach inbhuanaithe sa chaoi is go ***sroicheann sí an fíorgheilleagar***. Oibríonn sásraí an Phlean Infheistíochta, agus ba cheart iad a atreisiú chun leanúint d'infheistíochtaí príobháideacha a shlógadh ar shlí a fhágfaidh tionchar maicreacnamaíoch substainteach agus a chuirfeadh le poist a chruthú in earnálacha atá tábhachtach do thodhchaí na hEorpa agus ina bhfuil clistí ar an margadh nó ina bhfuil cúrsaí infheistíochta fo-optamacha go fóill féin.

(3) An 1 Meitheamh 2016, d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal "Europe investing again – Taking stock of the Investment Plan for Europe and next steps" [An Eoraip i mbun infheistíochta arís – Breithniú ar an bPlean Infheistíochta don Eoraip agus na chéad chéimeanna eile] inar leagadh amach an méid atá bainte amach de thoradh an Phlean Infheistíochta agus ar na chéad chéimeanna eile atá beartaithe, lena n-áirítear síneadh ama a chur le ré CEIS i ndiaidh na chéad trí bliana a beartaíodh ina chomhair, ionú na bhfiontar beag agus meánmhéide (FBManna) a mhéadú laistigh den chreat atá ann cheana agus an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht (MCEI) a fheabhsú.

*(4)* ***An 11 Samhain 2016, ghlac Cúirt Iniúchóirí na hEorpa tuairim maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) 2015/1017 agus an mheastóireacht a ghabhann léi ón gCoimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2015/1017, dar teideal "CEIS: togra luath chun leathnú agus fairsingiú".***

(5) Tá CEIS, ciste a dhéanann Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) a chur chun feidhme agus a chomhurrú, ▌ ar an mbóthar ceart, ***ó thaobh cainníochta de,*** lena chuspóir a sheachadadh, mar atá EUR 315 000 000 000 ar a laghad d'infheistíochtaí breise a shlógadh san fhíorgheilleagar faoi lár 2018. Tá luas ar leith ag baint ***leis an bhfreagairt*** ón margadh agus an ionsú ag an margadh faoi ionú FBM lena bhfuil CEIS ag seachadadh i bhfad níos mó ná a raibh súil leis ***agus iad ag tógáil ar an úsáid a baineadh as saoráidí agus sainorduithe láithreacha an Chiste Eorpaigh Infheistíochta (CEI) (InnovFin Saoráid Ráthaíochta FBM, Saoráid Iasachta faoi Ráthaíocht COSME (LGF) agus sainordú Acmhainní Caiptil Riosca BEI (RCR)) i dtosach le cur chun feidhme brostaithe a bheith ann***. Dá réir sin, méadaíodh ionú na FBManna EUR 500 000 000 i mí Iúil 2016 laistigh de pharaiméadair láithreacha Rialachán (AE) 2015/1017 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8]. I bhfianaise éileamh eisceachtúil an mhargaidh ar mhaoiniú FBManna faoi CEIS, ní mór sciar níos mó den mhaoiniú a bheith dírithe ar FBManna. I dtaca leis sin de, 40 % den chumas méadaithe atá ag CEIS maidir le riosca a sheasamh, ba cheart go ndíreofaí é ar rochtain ar mhaoiniú a mhéadú do FBManna.

[8] Rialachán (AE) 2015/1017 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2015 maidir leis an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha, leis an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht agus leis an Tairseach Eorpach de Thionscadail Infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 – an Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (IO L 169 1.7.2015, lch. 1).

(6) An 28 Meitheamh 2016, ba é conclúid na Comhairle Eorpaí go raibh an Plean Infheistíochta, go háirithe CEIS, i ndiaidh torthaí nithiúla a bhaint amach cheana agus go raibh sé tar éis bheith ina cuidiú mór le cuidiú le hinfheistiú príobháideach a shlógadh, agus úsáid chliste á baint as acmhainní ganna an bhuiséid. Thug an Chomhairle Eorpach dá haire go raibh sé beartaithe ag an gCoimisiún tograí a thíolacadh go luath maidir lena bhfuil i ndán do CEIS, ar ghá do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle scrúdú a dhéanamh orthu mar ábhar práinne.

(7) Bunaíodh CEIS ar feadh tréimhse tosaigh trí bliana agus ba é ab aidhm dó infheistíochtaí breise EUR 315 000 000 000, ar a laghad, a shlógadh, agus, ***dá réir sin, tacú leis an gcuspóir fás agus poist a chothú. Níor cheart, áfach, tús áite a bheith ag an tiomáint chun an phríomhsprioc a bhaint amach seachas ag breisíocht na dtionscadal a roghnófar.*** Tá ***an tAontas Eorpach*** tiomanta, ***mar sin***, ***ní amháin*** chun ***cur le ré infheistíochta agus le hacmhainn maoinithe*** CEIS, ach chun ***cur leis an mbéim a chuirtear ar an mbreisíocht freisin***. Cumhdaítear leis an síneadh ré an chreata airgeadais ilbhliantúil atá ann faoi láthair agus ba cheart go gcuirfí ar fáil, dá bharr sin, infheistíochtaí EUR 500 000 000 000 ar a laghad faoi 2020. Chun acmhainn CEIS a fheabhsú tuilleadh fós agus an sprioc a leagtar amach an infheistíocht a dhúbailt a bhaint amach, ba cheart do na Ballstáit ranníocaíocht a dhéanamh leis freisin mar ábhar tosaíochta.

***(8)*** ***Ní féidir lánacmhainn CEIS agus a chur chun feidhme a bhaint amach gan gníomhaíochtaí a chur chun feidhme arb é is aidhm dóibh an margadh aonair a neartú, timpeallacht ghnó fhabhrach a chruthú agus athchóirithe struchtúracha atá cothrom ó thaobh na sochaí de agus inbhuanaithe a chur chun feidhme. Thairis sin, tá tionscadail dea-struchtúrtha, mar chuid de phleananna infheistíochta agus forbartha ar leibhéal na mBallstát ríthábhachtach maidir le rath CEIS.***

(9) I gcás na tréimhse ó 2020 amach, tá sé ar intinn ag an gCoimisiún na moltaí is gá a dhéanamh lena áirithiú go leanfar den infheistíocht straitéiseach sin ar leibhéal inbhuanaithe. ***Ba cheart go mbeadh aon togra reachtach bunaithe ar na conclúidí i dtuarascáil ón gCoimisiún agus ar mheastóireacht neamhspleách lena n-áirítear measúnú maicreacnamaíoch ar an úsáideacht a bhainfeadh le scéim a chothabháil chun tacú le hinfheistíocht. Ba cheart scrúdú a dhéanamh freisin sa tuarascáil agus sa mheastóireacht neamhspleách sin, a mhéid is infheidhme, ar chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2015/1017 arna leasú leis an Rialachán seo, faoi ré sínithe chur chun feidhme CEIS.***

(10) Le CEIS, arna shíniú leis an Rialachán seo, ba cheart go bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar aon chlistí sa mhargadh agus ar staideanna infheistíochta fo-optamacha atá fós ann agus leanúint ar aghaidh, le breisíocht neartaithe, de mhaoiniú ón earnáil phríobháideach a shlógadh in infheistíochtaí a bheidh ríthábhachtach do chruthú post amach anseo san Eoraip, lena n-áirítear don aos óg, agus don fhás agus don iomaíochas. I measc na n-infheistíochtaí sin tá infheistíochtaí i réimsí amhail fuinneamh, an comhshaol agus gníomhú ar son na haeráide, caipiteal sóisialta agus daonna agus bonneagar a bhaineann leis sin, cúram sláinte, taighde agus nuálaíocht, iompar trasteorann agus inbhuanaithe, chomh maith leis an athrú mór i dtreo saol digiteach. Go háirithe, ba cheart atreisiú a dhéanamh ar an méid a rannchuidíonn oibríochtaí a dtacaítear leo le CEIS chun spriocanna uaillmhianacha an Aontais, a leagadh amach ag an 21ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (COP21), a bhaint amach, agus ba cheart atreisiú dhéanamh ***ar thiomantas an Aontais chun laghdú de 80 go 95% a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa***. ***Chun gné an ghníomhaithe ar son na haeráide a atreisiú faoi CEIS, ba cheart do BEI tógáil ar an taithí atá aige mar cheann de na soláthraithe is mó ar domhan den mhaoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide agus ba cheart dó an mhodheolaíocht atá aige, ar mhodheolaíocht úrscothach í arna comhaontú go hidirnáisiúnta, a úsáid chun comhpháirteanna tionscail maidir le gníomhú ar son na haeráide nó chun na sciartha de na costais a shainaithint ar bhealach inchreidte. Níor cheart tionscadáil a struchtúrú ar bhealach saorga d'fhonn teacht faoi shainmhínithe FBManna agus cuideachtaí beaga meánchaipitlithe.*** Ba cheart díriú níos mó freisin ar thionscadail tosaíochta idirnaisc fuinnimh agus tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh de réir a chéile. Thairis sin, ba cheart go mbeadh tacaíocht CEIS do mhótarbhealaí ***teoranta*** do ***thacaíocht*** a thabhairt d'infheistíocht phríobháideach ***agus/nó*** d'infheistíocht phoiblí sa chóras iompair i dtíortha an chomhtháthaithe, ***i réigiúin bheagfhorbartha*** nó i dtionscadail iompair trasteorann nó, ***más gá uasghrádú a dhéanamh, sábháilteacht ar bhóithre a chothabháil nó a fheabhsú, gléasanna córais chliste iompair (ITS) a fhorbairt, sláine agus caighdeáin na mótarbhealaí atá ann cheana ar an ngréasán iompair trasEorpach a ráthú, go háirithe limistéir shábháilte pháirceála, stáisiúin bhreoslaí glana malartacha agus córais luchtaithe leictreacha, nó cur leis an líonra iompair tras-Eorpach faoi 2030 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9] agus Rialachán (AE) Uimh.***

[9] ***Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11***

***1315/2013*[10] *ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. San earnáil dhigiteach, agus laistigh de raon feidhme bheartas uaillmhianach an Aontais maidir leis an nGeilleagar Digiteach, ba cheart spriocanna nua don bhonneagar digiteach a shocrú lena n-áiritheofar go ndéanfar an bhearna dhigiteach a dhúnadh agus go mbeidh ról ceannródaíoch ag an Aontas i ré nua idirlíon na rudaí nithiúla, mar a thugtar air, na teicneolaíochta slabhrabhloc, agus na cibearslándála agus na slándála líonra***. Ar mhaithe le soiléireacht, cé go bhfuil siad incháilithe cheana féin, ba cheart a leagan síos go sainráite gur laistigh de na cuspóirí ginearálta atá incháilithe do thacaíocht CEIS a thiteann tionscadail i réimsí na talmhaíochta, **na foraoiseachta**, an iascaigh agus an dobharshaothraithe ***agus eilimintí eile an bhithgheilleagair i gcoitinne***.

***(11) Tá ról ríthábhachtach ag tionscail chultúrtha agus chruthaitheacha maidir leis an Eoraip a thionsclú in athuair, agus tá siad mar thiomántóir don fhás agus tá suíomh straitéiseach acu chun tionchar nuálach a spreagadh in earnalácha tionsclaíocha eile, amhail an turasóireacht, an miondíol, agus teicneolaíochtaí digiteacha. Mar aon le Clár Eoraip na Cruthaitheachta arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1295/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*[11] *agus le Saoráid Ráthaíochta Earnálacha an Chultúir agus na Cruthaitheachta arna bunú leis an Rialachán sin, ba cheart go gcuideodh CEIS le ganntanais chaipitil sna hearnálacha sin a shárú trí thacaíocht bhreise a chur ar fáil ar bhealach ar chóir dó a bheith comhlántach leis an tacaíocht arna soláthar faoi Chlár Eoraip na Cruthaitheachta agus faoi Shaoráid Ráthaíochta Earnálacha an Chultúir agus na Cruthaitheachta, chun go bhféadfaí líon is mó de na tionscadail ardriosca sin a mhaoiniú.***

***(12) Oibríochtaí lena mbaineann eintitis atá lonnaithe san Aontas agus a shíneann lasmuigh den Aontas, ba cheart tacaíocht a thabhairt dóibh freisin le CEIS, i gcás ina mbíonn an***

***Nollaig 2013 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 680/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 67/2010 (IO L 348, 20.12.2013, lch. 129).***

***10 Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE (IO L 348, 20.12.2013, lch. 1).***

**11** ***Rialachán (AE) Uimh. 1295/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le Clár Eoraip na Cruthaitheachta (2014 go 2020) a bhunú agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1718/2006/CE, Cinneadh Uimh. 1855/2006/CE agus Cinneadh Uimh. 1041/2009/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 221).***

***infheistíocht san Aontas á cur chun cinn acu, go háirithe nuair a bhíonn eiliminti trasteorann iontu. Ba cheart don MCEI tacaíocht réamhghníomhach a chur ar fáil chun na hoibríochtaí sin a chur chun cinn agus a spreagadh.***

(13) Ba cheart breisíocht, ar gné lárnach í de CEIS, a neartú le linn roghnú na dtionscadal. Go háirithe, níor cheart d'oibríochtaí a bheith incháilithe do thacaíocht CEIS ach amháin má théann siad i ngleic le clistí soiléire sa mhargadh nó le staideanna infheistíochta fo-optamacha soiléire. Ba cheart a mheas gur ***léiriú láidir ar an mbreisíocht*** iad oibríochtaí i mbonneagar ***fisiceach*** faoin ionú bonneagair agus nuálaíochta a nascann dhá Bhallstát nó níos mó le chéile, ríomh-bhonneagar san áireamh, agus ***go háirithe bonneagar leathanbhanda***, ***mar aon le seirbhísí is gá chun an bonneagar sin a thógáil, a chur chun feidhme, a chothabháil nó a fheidhmiú***, i ngeall ar a ndeacracht shainiúil agus ar an mbreisluach mór don Aontas a bhaineann leo.

***(14) Go ginearálta, ba cheart le CEIS go ndíreofaí ar thionscadail a bhfuil próifíl riosca níos airde ag baint leo ná a bhaineann le tionscadail a dtacaíonn BEI leo agus ba cheart do Choiste Infheistíochta EFSI (an "Coiste Infheistíochta") aird a thabhairt ar na rioscaí atá ina mbac ar infheistíocht agus an bhreisíocht á meas aige, amhail rioscaí tírshonracha, earnáilsonracha nó réigiúnsonracha agus na rioscaí a bhaineann le nuálaíocht, go háirithe maidir le teicneolaíochtaí neamhchruthaithe atá in ainm is fás, inbhuanaitheacht agus táirgíocht a fheabhsú.***

(15) ***Chun á áirithiú go mbeidh cumhdach geografach níos leithne ag CEIS agus*** chun éifeachtúlacht idirghabháil CEIS ***a mhéadú***, ba cheart spreagadh a thabhairt d'oibríochtaí comhcheangail ***agus/nó*** measctha lena gcuirtear foirmeacha tacaíochta agus/nó ionstraimí airgeadais neamh-inaisíoctha ó bhuiséad ginearálta an Aontais le chéile, amhail ***Cistí Struchtúrtha agus Infheistíochta na hEorpa*** nó iad siúd atá ar fáil faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus ***Fís 2020 - an Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[12], agus don mhaoiniú ó Ghrúpa BEI, lena n-áirítear maoiniú BEI faoi CEIS, agus ó infheisteoirí eile chomh maith. Is é is aidhm ***don chomhcheangal agus/nó*** don ***mheascadh*** breisluach chaiteachas an Aontais a fheabhsú trí acmhainní breise a mhealladh ó infheisteoirí príobháideacha agus a áirithiú go mbeidh na gníomhaíochtaí a dtacaítear leo ina ngníomhaíochtaí atá inmharthana ón taobh eacnamaíoch agus ó thaobh airgeadais de. ***Chuige sin, ag an am céanna a rinneadh an togra ón gCoimisiún maidir leis an Rialachán seo a thíolacadh, rinneadh luach EUR 1 000 000 000 de leithreasuithe a aistriú ó ionstraimí airgeadais SCE chuig cuid deontais SCE d'fhonn meascadh le CEIS a éascú. Rinneadh glao rathúil ar mheascadh chuige sin i mí Feabhra 2017. Tá EUR 145 000 000 eile á n-aistriú chuig ionstraimí ábhartha eile, go háirithe chucu sin atá tiomanta don éifeachtúlacht fuinnimh. Is gá gníomhaíocht bhreise a dhéanamh chun a áirithiú go bhféadfar cistí de chuid an Aontais agus tacaíocht CEIS a chomhcheangal go héasca. Cé go bhfuil treoir nithiúil maidir leis an ábhar sin foilsithe cheana ag an gCoimisiún, ba cheart forbairt bhreise a dhéanamh ar an tsaincheist maidir le cistí de chuid an Aontais Eorpaigh a chomhcheangal le CEIS d'fhonn cur leis na hinfheistíochtaí lena mbaintear leas ag an ngiaráil arna baint amach trí chistí de chuid an Aontais a chomhcheangal le CEIS, agus forbairtí reachtacha a d'fhéadfadh a bheith ann á gcur i gcuntas. Chun éifeachtúlacht eacnamaíoch agus giaráil leordhóthanach a áirithiú, níor cheart, i bprionsabal, gur mhó na teaglamaí airgeadais sin ná 90% de chostais iomlána tionscadail do na réigiúin*** bheagfhorbartha ***agus 80% i gcás gach réigiún eile.***

---

**12** ***Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Fís 2020 - An Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1982/2006/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 104).***

(16) Chun go mbainfear níos mó úsáide as CEIS i réigiúin bheagfhorbartha agus i réigiúin trasdula, ba cheart raon na gcuspóirí ginearálta atá incháilithe do thacaíocht CEIS a mhéadú. ***Bheadh tionscadail fós faoi réir scrúdú ón gCoiste Infheistíochta agus ba cheart dóibh cloí leis na critéir incháilitheachta chéanna atá ann chun an ráthaíocht a bunaíodh de bhun Rialachán (AE) 2015/2017 ("ráthaíocht AE") a úsáid, lena n-áirítear prionsabal na breisíochta. Os rud é nár cheart go mbeadh aon srian ar mhéid na dtionscadal atá incháilithe do thacaíocht ó CEIS, níor cheart go ndéanfaí tionscadail ar mhionscála a dhíspreagadh ó iarratas ar mhaoiniú CEIS a dhéanamh. Thairis sin, is gá gníomhaíocht bhreise a dhéanamh chun cúnamh teicniúil a neartú agus chun CEIS a chur chun cinn i réigiúin*** bheagfhorbartha agus ***i r***éigiúin trasdula ***ina bhfuil gá leis.***

***(17) Tá ardáin infheistíochta ina n-uirlís ríthábhachtach chun déileáil le clistí sa mhargadh, go háirithe le linn maoiniú a thabhairt do thionscadail iolracha, réigiúnacha, nó earnálacha, lena n-áirítear tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh agus tionscadail trasteorann. Tá sé tábhachtach freisin comhpháirtíochtaí le bainc náisiúnta chur chun cinn nó le hinstitiúidí náisiúnta cur chun cinn a spreagadh, lena n-áirítear d'fhonn ardáin infheistíochta a chur ar bun. Is féidir ról tábhachtach a bheith ag comhoibriú le hidirghabhálaithe airgeadais freisin ina leith sin. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do BEI, i gcás inarb iomchuí, an mheasúnacht, an roghnú agus an faireachán a bhaineann le fothionscadail ar mhionscála a tharmligean chuig idirghabhálaithe airgeadais nó chuig meáin incháilithe formheasta.***

***(18) I gcás tharmligean na measúnachta, an roghnaithe agus an fhaireacháin ar thionscadail ar mhionscála chuig idirghabhálaithe airgeadais nó chuig meáin incháilithe formheasta, níor cheart go mbeadh sé fós de cheart ag an gCoiste Infheistíochta úsáid ráthaíocht AE a fhormheas le haghaidh fothionscadail faoin maoiniú sin BEI agus faoi oibríochtaí infheistíochta i gcás ina mbeidh an ranníocaíocht ó CEIS do na fothionscadail ar mhionscála sin faoi thairseach sainithe. Ba cheart do Bhord Stiúrtha CEIS (an "Bord Stiúrtha"), i gcás inarb iomchuí, treoir a sholáthar maidir leis an nós imeachta a bheidh le húsáid ag an gCoiste Infheistíochta chun meastóireacht a dhéanamh ar fhothionscadail os cionn na tairsí sin.***

(19) Le linn thréimhse iomlán na hinfheistíochta, ba cheart don Aontas ráthaíocht AE a sholáthar, ráthaíocht nár cheart gur mhó ná EUR 26 000 000 000 ag aon tráth í, chun go mbeifear in ann tacaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí le CEIS, agus ba cheart EUR 16 000 000 000 uasta, de sin, a bheith ar fáil roimh an 6 Iúil 2018.

(20) Táthar ag súil leis, nuair a dhéanfar ráthaíocht AE a chomhcheangal leis an tsuim de EUR 7 500 000 000 atá le soláthar ag BEI, gur cheart go nginfeadh tacaíocht CEIS EUR 100 000 000 000 d'infheistíocht bhreise ó BEI agus ó CEI. Táthar ag súil leis go nginfidh an tsuim de EUR 100 000 000 000, arna dtacú le CEIS, EUR 500 000 000 000 d'infheistíocht bhreise san fhíorgheilleagar roimh dheireadh 2020.

(21) Chun maoiniú a dhéanamh go páirteach ar an ranníocaíocht ó bhuiséad ginearálta an Aontais chuig ciste ráthaíocht AE chun na hinfheistíochtaí breise a dhéanamh, ba cheart aistriú a dhéanamh ón imchlúdach atá ar fáil don SCE, dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013, ***agus ón ioncam agus ó na haisíocaíochtaí ó Ionstraim Fiachais SCE agus ó Chiste Eorpach 2020 le haghaidh Fuinnimh, an Athraithe Aeráide agus Bonneagair ("Ciste Marguerite"). Chun gur féidir an t-aistriú ó ioncam agus aisíocaíochtaí a chur i gcrích, ní mór maolú a dhéanamh ar an dara agus ar an tríú fomhír d'Airteagal 140(6) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13] ionas gur féidir a n-úsáid ag ionstraim eile a údarú***.

(22) Ar bhonn na taithí a fuarthas ó na hinfheistíochtaí ar tugadh tacaíocht dóibh ó CEIS, ba cheart spriocmhéid an chiste ráthaíochta a thabhairt go 35 % d'oibleagáidí iomlána ráthaíocht AE, á áirithiú ar an dóigh sin leibhéal leordhóthanach cosanta.

(23) I gcomhréir leis an éileamh ollmhór ón margadh ar mhaoiniú do FBManna faoi CEIS, éileamh a leanfaidh ar aghaidh de réir gach cosúlachta, ba cheart ionú na FBManna de chuid CEIS a fheabhsú. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar fhiontair shóisialta agus ***ar sheirbhísí sóisialta***, lena n-áirítear trí ionstraimí nua a bheidh leordhóthanach ***le haghaidh riachtanas agus sainiúlachtaí earnáil*** na bhfiontar sóisialta agus ***na seirbhísí sóisialta*** a fhorbairt agus a chur in úsáid.

---

[13] ***Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle. (IO L 298, 26.10.2012, lch. 1).***

(24) Ba cheart do BEI agus do CEI a áirithiú go mbeidh na tairbhithe deiridh, FBManna san áireamh, ***ar an eolas*** faoi thacaíocht CEIS a bheith ar fáil, sa chaoi go mbeidh ráthaíocht AE níos infheicthe. ***Ba cheart tagairt shoiléir do CEIS a chur in iúl go soiléir i gcomhaontuithe lena gcuirtear tacaíocht CEIS ar fáil.***

(25) D'fhonn trédhearcacht oibríochtaí CEIS a fheabhsú, ba cheart don Choiste Infheistíochta, sna cinntí a dhéanann sé, a chuirtear ar fáil don phobal agus atá inrochtana, míniú a thabhairt ar na cúiseanna a bhfuil sé den tuairim gur cheart ráthaíocht AE a thabhairt d'oibríocht, agus béim ar leith á leagan aige ar chomhlíonadh an chritéir bhreisíochta. Ba cheart scórchlár na dtáscairí a chur ar fáil don phobal a luaithe a shíneofar oibríocht faoi ráthaíocht AE. ***Níor cheart faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a bheith san fhoilseachán.***

***(26) Ba cheart an scórchlár a úsáid i ndianchomhréir leis an Rialachán seo, agus le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/1558 ón gCoimisiún[14], agus leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis, mar uirlís mheasúnaithe neamhspleách agus thrédhearcach agus lena ndéanfaidh an Coiste Infheistíochta tosaíocht a thabhairt d'úsáid ráthaíocht AE le haghaidh oibríochtaí a léireoidh scóir is airde agus breisluach. Ba cheart do BEI na scóir agus na táscairí a ríomh ex ante agus faireachán a dhéanamh ar na torthaí tráth a chuirfear an tionscadal i gcrích.***

***14 Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/1558 an 22 Iúil 2015 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2015/1017 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí bhunú scórchláir tháscairí chun ráthaíocht AE a chur i bhfeidhm (IO L 244, 19.9.2015, lch. 20).***

***(27)*** ***D'fhonn measúnú ar thionscadail a fheabhsú, ba cheart don Bhord Stiúrtha, le linn threoshuíomh straitéiseach CEIS, scór íosta a bhunú do gach colún sa scórchlár.***

(28) ***Tá beartas ábhartha an Aontais maidir le dlínsí atá neamh-chomhoibríoch chun críocha cánach leagtha síos i ngníomhartha dlíthiúla an Aontais agus i gConclúidí ón gComhairle, go háirithe san Iarscríbhinn a ghabhann leo sin an 8 Samhain 2016, agus in aon nuashonrú ina dhiaidh sin.***

***(29)*** ***Ba cheart a chur san áireamh i ndícheall cuí maidir le hoibríochtaí infheistíochta agus maoinithe BEI faoin Rialachán seo, seiceáil chuimsitheach ar chomhlíonadh reachtaíocht infheidhme an Aontais agus caighdeán comhaontaithe idirnáisiúnta agus Aontais maidir le frithsciúradh airgid, leis an gcomhrac i gcoinne mhaoiniú na sceimhlitheoireachta, le calaois chánach agus le seachaint cánach. Thairis sin, i gcomhthéacs tuairiscithe ó CEIS, ba cheart do BEI faisnéis a sholáthar, tír ar thír, i ndáil lena mhéid atá beartas BEI agus CEI maidir le dlínsí neamh-chomhoibríocha á chomhlíonadh ag oibríochtaí CEIS, mar aon leis an liosta d'idirghabhálaithe lena bhfuil BEI agus CEI ag comhoibriú a sholáthar.***

(30) Is iomchuí soiléirithe teicniúla áirithe a dhéanamh i ndáil lena bhfuil sa chomhaontú faoi bhainistiú CEIS, agus maidir le deonú ráthaíocht AE agus maidir leis na hionstraimí atá cumhdaithe ag an gcomhaontú, lena n-áirítear cumhdach do riosca ó ráta malartaithe airgeadraí i gcásanna áirithe. Ba cheart an comhaontú le BEI maidir le bainistiú CEIS agus maidir le deonú ráthaíocht AE a oiriúnú i gcomhréir leis an Rialachán seo.

(31) ***D'ainneoin an chuspóra atá ag MCEI chun cur le seirbhísí reatha comhairliúcháin de chuid BEI agus de chuid an Choimisiúin, agus ionas gur féidir leis gníomhú mar mhol comhairleach teicniúil aonair le haghaidh maoinithe tionscadal laistigh den Aontas, ba cheart*** MCEI a fheabhsú agus ba cheart a ghníomhaíochtaí a bheith dírithe ***freisin*** ar ***rannchuidiú go gníomhach le héagsúlú earnálach agus geografach CEIS, ar thacaíocht a thabhairt do BEI agus do bhainc náisiúnta chur chun cinn agus d'institiúidí náisiúnta cur chun cinn le linn oibríochtaí a thionscnamh agus a fhorbairt, go háirithe i réigiúin bheagfhorbartha agus i réigiúin trasdula, agus ar chuidiú le struchtúr a chur ar an éileamh ar thacaíocht CEIS, i gcás inar gá. Ba cheart do MCEI féachaint le comhaontú comhair amháin ar a laghad a chur i gcrích, in aghaidh gach Ballstáit, le banc nó institiúid náisiúnta chur chun cinn. Sna Ballstát nach ann do bhainc náisiúnta chur chun cinn ná d'institiúidí náisiúnta cur chun cinn, ba cheart do MCEI tacaíocht chomhairleach réamhghníomhach a sholáthar ar an mbanc nó ar an institiúid sin a bhunú, i gcás inarb iomchuí, agus arna iarraidh sin ag an mBallstát i dtrácht.*** Ba cheart do ***MCEI*** aird ar leith a dhíriú ar thacaíocht a thabhairt do thionscadail a bhfuil baint ag dhá Bhallstát nó níos mó leo a ullmhú, agus do thionscadail a chuireann le cuspóirí COP21 a bhaint amach. ▌ Ba cheart dó cur go gníomhach le hardáin infheistíochta a bhunú freisin agus comhairle a thabhairt maidir le foinsí eile cistithe ón Aontas a mheascadh le cistiú ó CEIS***. Ba cheart láithreacht áitiúil MCEI a áirithiú i gcás inar gá, agus scéimeanna tacaíochta á gcur i gcuntas, d'fhonn cabhair atá inláimhsithe, réamhghníomhach agus saincheaptha a sholáthar ar an láthair.***

*(32) Tá an Seimeastar Eorpach chun beartas eacnamaíoch a chomhordú bunaithe ar anailís mhionsonraithe ar phleananna na mBallstát le haghaidh athchóirithe buiséadacha, maicreacnamaíocha agus struchtúrtha, agus déanann sé moltaí atá sonrach do thíortha ar leith a thabhairt dóibh. I bhfianaise an mhéid sin, ba cheart do BEI an Coimisiún a chur ar an eolas maidir lena chinntí faoi bhacainní agus scrogaill ar an infheistíocht sna Ballstáit, ar bacainní agus scrogaill iad a shainaithnítear agus oibríochtaí infheistíochta a chumhdaítear leis an Rialachán seo á gcur i gcrích. Iarrtar ar an gCoimisiún na torthaí sin, i measc nithe eile, a chur san áireamh agus é i mbun oibre i gcomhthéacs an tríú colún den Phlean Infheistíochta.*

*(33) Chun aghaidh a thabhairt ar chlistí agus bearnaí sa mhargadh, chun infheistíochtaí breise leordhóthanacha a spreagadh agus chun cothromaíocht gheografach agus réigiúnach a chur chun cinn in oibríochtaí CEIS-tacaithe, tá gá le cur chuige comhtháite agus cuíchóirithe arb é is aidhm leis fás, poist agus infheistíochtaí a chur chun cinn. Ba cheart go gcuideodh an costas a bhaineann le CEIS a mhaoiniú leis na cuspóirí sin a bhaint a amach.*

*(34) Chun na cuspóirí infheistíochta a leagtar amach i Rialachán (AE) 2015/1017 a chur chun cinn, ba cheart meascadh le cistí atá ann cheana a spreagadh, i gcás inarb iomchuí, chun lamháltais leordhóthanacha a sholáthar sna téarmaí agus sna coinníollacha maoinithe, lena n-áirítear costas, a bhaineann le hoibríochtaí CEIS.*

***(35) I gcásanna ina mbeadh dálaí struis sa mhargadh airgeadais ina mbac ar thionscadal inmharthana a chur i gcrích nó inar gá é chun éascaíocht a dhéanamh ar ardáin infheistíochta a bhunú nó ar thionscadail in earnálacha nó i réimsí ina bhfuil cliseadh suntasach sa mhargadh nó staid ina ndéantar infheistíocht fo-optamach a mhaoiniú, ba cheart do BEI agus don Choimisiún athruithe a chur chun feidhme, go háirithe maidir le luach saothair ráthaíocht AE, chun cur le laghdú a dhéanamh ar chostas maoinithe na hoibríochta a íocann tairbhí mhaoiniú BEI faoi CEIS chun a chur chun feidhme a éascú. Ba cheart iarrachtaí dá samhail a dhéanamh i gcás inar gá lena áirithiú go dtacaíonn CEIS le tionscadail ar mhionscála. I gcás go gceadóidh úsáid idirghabhálaithe áitiúla nó réigiúnacha laghdú ar chostas mhaoiniú CEIS do thionscadail ar mhionscála, ba cheart breithniú a dhéanamh ar an bhfoirm sin úsáide freisin.***

***(36) I gcomhréir leis an ngá atá le hinbhuanaitheacht airgeadais CEIS, maidir leis na hiarrachtaí chun laghdú a dhéanamh ar chostais oibríochtaí CEIS i dtréimhsí struis sa mhargadh airgeadais nó chun éascú a dhéanamh ar ardáin infheistíochta a bhunú nó ar thionscadail in earnálacha nó i réimsí ina bhfuil cliseadh suntasach sa mhargadh nó staid ina ndéantar infheistíocht fho-optamach a mhaoiniú, ba cheart iad a chomhordú le hacmhainní airgeadais eile de chuid an Aontais atá ar fáil agus leis na hionstraimí atá in úsáid ag Grúpa BEI.***

(37) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) 2015/1017 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 mar a leanas:

***(1)*** ***In Airteagal 2(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):***

***"(b) ardáin trasteorann, ilnáisiúnta, réigiúnacha nó macrairéigiúnacha a dhéanann comhpháirtithe ó roinnt Ballstát, réigiún nó tríú tíortha a bhfuil suim acu i dtionscadail i limistéar geografach ar leith a ghrúpáil le chéile;";***

(2) Leasaítear Airteagal 4(2) mar a leanas:

(a) leasaítear pointe (a) ***mar a leanas***:

***(i)*** cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):

"(ii) méid, nach lú ná EUR 7 500 000 000 i ráthaíochtaí nó in airgead tirim, agus téarmaí na ranníocaíochta airgeadais a bheidh le cur ar fáil ag BEI trí CEIS;";

***(ii)*** ***cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (iv):***

"***(iv) praghsáil oibríochtaí faoi ráthaíocht AE atá le bheith i gcomhréir le beartas praghsála BEI;***"

***(iii)*** cuirtear an pointe seo a leanas leis:

"***(v) na nósanna imeachta, gan dochar do Phrótacal Uimh. 5 ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta atá i gceangal le CAE agus le CFAE agus le sainphribhléidí BEI a leagtar amach ann, chun laghdú a dhéanamh ar chostas maoinithe na hoibríochta a íocann tairbhí mhaoiniú BEI faoi CEIS, go háirithe trí mhodhnú a dhéanamh ar luach saothair ráthaíocht AE, i gcás inar gá sin go háirithe i gcás ina mbeadh dálaí struis sa mhargadh airgeadais ina mbac ar thionscadal inmharthana a chur i gcrích nó inar gá iad chun éascú a dhéanamh ar ardáin infheistíochta a bhunú nó ar thionscadail in earnálacha nó i réimsí ina bhfuil cliseadh suntasach sa mhargadh nó ina bhfuil staid ina ndéantar infheistíocht fho-optamach, a mhéid nach mbeadh tionchar suntasach aige ar an maoiniú is gá chun an Ciste Ráthaíochta a sholáthar;";***

***(b) i bpointe (b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (iii):***

***"(iii) foráil gur ar an mBord Stiúrtha atá sé cinntí a dhéanamh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 7(3);";***

(c) i bpointe (c), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

"(i) i gcomhréir le hAirteagal 11, rialacha mionsonraithe maidir le ráthaíocht AE a sholáthar, lena n-áirítear a cuid socruithe maidir le cumhdach, a cumhdach sainithe maidir le punanna ionstraimí de chineálacha sonracha agus na teagmhais ábhartha a spreagann gairmeacha féideartha ar ráthaíocht AE;";

(3) ▌***Cuirtear an méid seo a leanas in ionad*** Airteagal 5(1)

***"1. Chun críocha an Rialacháin seo, ciallaíonn "breisíocht" an tacaíocht ó CEIS le haghaidh oibríochtaí a thugann aghaidh ar chlistí sa mhargadh nó ar staideanna infheistíochta fo-optamacha, arb oibríochtaí iad nárbh fhéidir a chur i gcrích ag BEI, ag CEI nó faoi ionstraimí airgeadais de chuid an Aontais atá ann cheana sa tréimhse ar lena linn is féidir ráthaíocht AE a úsáid, nó nárbh fhéidir iad a úsáid a mhéid céanna, ag BEI, ag CEI nó faoi ionstraimí airgeadais de chuid an Aontais atá ann cheana, gan tacaíocht CEIS. Maidir leis na tionscadail a fhaigheann tacaíocht ó CEIS, tacóidh siad leis na cuspóirí ginearálta a leagtar síos in Airteagal 9(2), déanfar gach iarracht fostaíocht agus fás inbhuanaithe a chruthú leo agus mar is dual dóibh beidh próifíl riosca níos airde acu ná mar a bheidh ag na tionscadail a fhaigheann tacaíocht ó ghnáthoibríochtaí BEI. Beidh próifíl riosca níos airde ar an mórchuid ag punann CEIS ná mar a bheidh ag an bpunann infheistíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó BEI faoina chuid gnáthbheartas infheistíochta sula dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm.***

***Chun dul i ngleic le clistí sa mhargadh nó le staideanna infheistíochta fo-optamacha ar bhealach níos fearr, agus chun éascú a dhéanamh, go háirithe, ar úsáid a bhaint as ardáin infheistíochta do thionscadail ar mhionscála agus, dá réir sin, comhlántacht a áirithiú agus mar sin plódú amach rannpháirtithe sa mhargadh céanna a sheachaint, mar rogha slí agus má bhíonn údar iomchuí leis, beidh na nithe seo a leanas ag baint le gníomhaíochtaí speisialta BEI:***

***(a)*** ***gnéithe an fho-ordaithe a bheith acu, lena n-áirítear róil shóisearacha a ghlacadh maidir le hinfheisteoirí eile;***

***(b)*** ***a bheith rannpháirteach in ionstraimí comhroinnte riosca;***

***(c)*** ***gnéithe trasteorann a léiriú;***

***(d)*** ***a bheith i mbaol toisc rioscaí sonracha; nó***

***(e)*** ***gnéithe eile a bheith acu mar a chuirtear síos orthu tuilleadh i bpointe (d) de Roinn 3 d'Iarscríbhinn II.***

***Gan dochar don cheanglas sainmhíniú ar bhreisíocht a chomhlíonadh mar a leagtar amach sa chéad fhomhír, is léiriú maith ar bhreisíocht iad na gnéithe seo a leanas:***

– ***tionscadail a mbaineann riosca leo i gcomhréir le gníomhaíochtaí speisialta BEI, mar a shainmhínítear in Airteagal 16 de Reacht BEI, go háirithe má bhaineann rioscaí tírshonracha, earnáilsonracha nó réigiúnsonracha leis na tionscadail sin, go háirithe na rioscaí a bhíonn ann i réigiúin bheagfhorbartha agus i réigiúin trasdula agus/nó má bhaineann rioscaí a bhaineann le nuálaíocht, go háirithe maidir le teicneolaíochtaí neamhchruthaithe atá in ainm is fás, inbhuanaitheacht agus táirgíocht a fheabhsú leis na tionscadail sin;***

– ***tionscadail a mbaineann bonneagar fisiceach leo, lena n-áirítear ríomh-bhonneagar, a nascann dhá Bhallstát nó níos mó nó a bhaineann le bonneagar nó seirbhísí den sórt sin atá nasctha leis an mbonneagar sin a shíneadh ó Bhallstát amháin go Ballstát amháin eile nó níos mó.";***

(4) ***Leasaítear*** ▌ Airteagal 6 ***mar a leanas:***

***(a)*** ***i mír 1,*** cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaí:

"Beidh foráil i gComhaontú CEIS go dtacóidh CEIS le tionscadail a thugann aghaidh ar chlistí sa mhargadh nó ar staideanna infheistíochta fo-optamacha agus:";

***(b)*** ***cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:***

***"2. Ní bheidh aon srian ar mhéid na dtionscadal a bheidh incháilithe do thacaíocht CEIS do na hoibríochtaí arna seoladh ag BEI nó CEI trí idirghabhálaithe airgeadais. Chun a áirithiú go gcumhdófar tionscadail ar mhionscála le tacaíocht CEIS freisin, cuirfidh CEI agus BEI, i gcás inar gá sin agus a mhéid is féidir, le comhoibriú le bainc náisiúnta chur chun cinn nó le hinstitiúidí náisiúnta cur chun cinn agus tacóidh siad leis na deiseanna a sholáthrófar, lena n-áirítear trí éascú a dhéanamh ar ardáin infheistíochta a chruthú.";***

(5) Leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

***(a)*** ***cuirtear an mhír seo a leanas isteach:***

***"1a. Féachfaidh na hinstitiúidí agus na comhlachtaí uile a bhfuil baint acu i struchtúir rialaithe CEIS le cothromaíocht inscne a áirithiú i gcomhlachtaí rialaithe ábhartha de chuid CEIS.";***

***(b)*** ***i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre agus an dara fomhír:***

***"3. Beidh cúigear comhaltaí ar an mBord Stiúrtha: triúr comhaltaí a cheapfaidh an Coimisiún, comhalta amháin a cheapfaidh BEI agus saineolaí amháin a cheapfaidh Parlaimint na hEorpa mar chomhalta gan vóta. Ní dhéanfaidh an saineolaí sin treoracha a lorg ná a ghlacadh ó institiúidí, comhlachtaí, oifigí ná gníomhaireachtaí an Aontais, ó rialtas aon Bhallstáit ná ó aon chomhlacht poiblí ná príobháideach eile, agus gníomhóidh an saineolaí go hiomlán neamhspleách. Déanfaidh an t-ionadaí a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh go neamhchlaonta agus chun leasa CEIS.***

*Déanfaidh an Bord Stiúrtha Cathaoirleach a thoghadh as measc a chomhaltaí go ceann téarma seasta trí bliana, agus beidh sé in-athnuaite uair amháin. Déanfaidh an Bord Stiúrtha seasamh a chomhaltaí uile a phlé agus cuirfear iad i lánchuntas a oiread is féidir. Mura féidir leis na comhaltaí teacht ar aon intinn faoin seasamh atá acu, glacfaidh an Bord Stiúrtha a chuid cinntí trí vóta d'aon ghuth i measc a chomhaltaí vótála. Cuirfear cuntas substainteach ar fáil ar sheasamh na gcomhaltaí uile i miontuairiscí chruinnithe an Bhoird Stiúrtha.*

*Déanfar miontuairiscí mionsonraithe chruinnithe an Bhoird Stiúrtha a fhoilsiú a luaithe a bheidh siad formheasta ag an mBord Stiúrtha. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas a luaithe agus a fhoilseofar iad.";*

*(c)* ***i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:***

"***Beidh Leas-Stiúrthóir Bainistíochta de chúnamh ag an Stiúrthóir Bainistíochta. Glacfaidh an Stiúrthóir Bainistíochta agus an Leas-Stiúrthóir Bainistíochta páirt i gcruinnithe an Bhoird Stiúrtha mar bhreathnóirí. Tuairisceoidh an Stiúrthóir Bainistíochta gach ráithe maidir le gníomhaíochtaí CEIS chuig an mBord Stiúrtha.";***

(d) i mír 8, leasaítear an tríú fomhír mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

"(e) gníomhú ar son na haeráide, cosaint agus bainistiú comhshaoil;";

(ii) cuirtear an pointe ▌ seo a leanas leis:

"(l) talmhaíocht ***inbhuanaithe, foraoiseacht***, iascach, dobharshaothrú ***agus gnéithe eile den bhithgheilleagar i gcoitinne.***";

(e) i mír 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

"Déanfaidh gach comhalta den Choiste Infheistíochta an fhaisnéis go léir is gá, chun seiceáil ar bhonn leanúnach nach bhfuil aon choinbhleacht leasa ann, a chur in iúl don Bhord Stiúrtha, don Stiúrthóir Bainistíochta agus don Leas-Stiúrthóir Bainistíochta gan mhoill.";

(f) i mír 11, cuirtear an abairt seo a leanas léi:

"Beidh sé de chúram ar an Stiúrthóir Bainistíochta an Bord Stiúrtha a chur ar an eolas faoi aon sárú den sórt sin a bhfaighidh sé nó sí eolas air agus ***beidh sé nó sí freagrach as*** gníomhaíocht oiriúnach a mholadh ***agus a chinntiú go ndéanfar í. Déanfaidh an Stiúrthóir Bainistíochta a dhualgas nó a dualgais cúraim a fheidhmiú maidir le coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ag aon chomhalta den Choiste Infheistíochta.";***

(g) ▌leasaítear mír 12 ***mar seo a leanas:***

***(i)*** sa dara fomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

"Beidh cinntí lena bhformheastar úsáid ráthaíocht AE ar fáil go poiblí agus inrochtana, agus folóidh siad an réasúnaíocht don chinneadh, le béim ar leith ar chomhlíonadh an chritéir bhreisíochta. ***Tagróidh siad chomh maith don mheasúnú iomlán a eascraíonn as an scórchlár táscairí dá dtagraítear i mír 14.*** Ní bheidh faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de sa mhéid a fhoilsítear. Le linn dó teacht ar a chinneadh, beidh na doiciméid arna soláthar ag BEI mar thacaíocht don Choiste Infheistíochta.

***Déanfar an scórchlár, ar uirlis é a úsáideann an Coiste Infheistíochta chun tosaíochtaí a leagan síos maidir le húsáid ráthaíocht AE in oibríochtaí a léiríonn scórtha níos airde agus luach breise, a chur ar fáil go poiblí tar éis tionscadal a bheith sínithe. Ní bheidh faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de sa mhéid a fhoilseofar.***

***Cuirfidh BEI codanna de na cinntí atá íogair ó thaobh na tráchtála de ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa nuair a iarrfar sin agus faoi réir diancheanglais rúndachta.";***

*(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:*

*"Dhá uair sa bhliain, déanfaidh BEI liosta de chinntí uile an Choiste Infheistíochta a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, faoi bhráid na Comhairle agus faoi bhráid an Choimisiúin chomh maith leis na scórchláir a bhaineann leis na cinntí uile sin. Beidh an aighneacht sin faoi réir diancheanglais rúndachta.";*

*(h) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 14:*

*"14. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23(1) go (3) agus (5) chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí scórchlár táscairí a bhunú a bheidh le húsáid ag an gCoiste Infheistíochta chun measúnú neamhspleách agus trédhearcach ar úsáid fhéideartha agus iarbhír ráthaíocht AE a áirithiú. Déanfar na gníomhartha tarmligthe sin a ullmhú i ndlúth-idirphlé le BEI.*

*Déanfaidh an Bord Stiúrtha, mar chuid de threoshuíomh straitéiseach CEIS, scór íosta a bhunú do gach colún sa scórchlár d'fhonn measúnú ar thionscadail a fheabhsú.*

*Féadfaidh an Bord Stiúrtha, arna iarraidh sin ó BEI, a lamháil don Choiste Infheistíochta tionscadal a scrúdú a bhfuil a scór in aon cheann de na colúin níos ísle ná an scór íosta nuair is é tátal an mheasúnaithe iomláin atá sa scórchlár go dtabharfadh an oibríocht a bhaineann leis an tionscadal sin aghaidh ar chliseadh suntasach sa mhargadh nó go gcuirfeadh sí leibhéal ard breisíochta i láthair.";*

(6) Leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

***(a)*** ▌ ***leasaítear*** mír 2 ***mar seo a leanas:***

***(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití:***

***"2. Deonófar ráthaíocht AE i gcomhair oibríochtaí maoinithe agus infheistíochta BEI a bheidh formheasta ag an gCoiste Infheistíochta nó i gcomhair cistiú nó ráthaíochtaí do CEI d'fhonn oibríochtaí maoinithe agus infheistíochta BEI a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 11(3).***

***Déanfaidh BEI, i gcás inarb iomchuí, an breithmheas, an roghnú agus an faireachán a bhaineann le fothionscadail ar mhionscála a tharmligean chuig idirghabhálaithe airgeadais nó meáin incháilithe formheasta, go háirithe ardáin infheistíochta agus bainc náisiúnta chur chun cinn nó institiúidí náisiúnta cur chun cinn mar mhodh chun rochtain ar mhaoiniú do thionscadail ar mhionscála a mhéadú agus éascú. D'ainneoin an tríú fomhír de mhír 5 den Airteagal seo, ní choimeádfaidh an Coiste Infheistíochta an ceart chun úsáid ráthaíocht AE a fhormheas le haghaidh fothionscadal arna dtarmligean chuig idirghabhálaithe airgeadais nó meáin incháilithe formheasta i gcás go mbeidh ranníocaíocht CEIS leis na fothionscadail sin faoi bhun EUR 3 000 000. I gcás inar gá, soláthróidh an Bord Stiúrtha treoir maidir leis an nós imeachta trína bhfuil an Coiste Infheistíochta le cinneadh a dhéanamh faoi úsáid ráthaíocht AE le haghaidh fothionscadal ina bhfuil ranníocaíocht CEIS cothrom le EUR 3 000 000 nó os a chionn.***

***Beidh na hoibríochtaí lena mbaineann i gcomhréir le beartais an Aontais agus tacóidh siad le haon cheann de na cuspóirí ginearálta seo a leanas:";***

*(ii) i bpointe (c), cuirtear an pointe seo a leanas leis:*

*"(iv) bonneagair iarnróid, tionscadail iarnróid eile, agus calafoirt mhuirí;";*

*(iii) i bpointe (e), cuirtear isteach na pointí seo a leanas:*

*"(ia) teicneolaíocht bhlocshlabhra;*

*(ib) idirlíon na rudaí nithiúla;*

*(ic) bonneagair chibearshlándála agus cosanta líonraí;";*

*(iv) leasaítear pointe (g) mar a leanas:*

*– cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):*

*"(ii) tionscail chultúrtha agus chruthaitheacha, a mbeidh sásraí airgeadais earnáilsonracha le húdarú dóibh trí idirghníomhaíocht le Clár Eoraip na Cruthaitheachta a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1295/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* [*] *agus le Saoráid Ráthaíochta Earnálacha an Chultúir agus na Cruthaitheachta a bunaíodh de bhun an Rialacháin sin, d'fhonn iasachtaí atá oiriúnach don fheidhm a chur ar fáil i gcomhair na dtionscadal sin.*

______________

[*] *Rialachán (AE) Uimh. 1295/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le Clár Eoraip na Cruthaitheachta (2014 go 2020) a bhunú agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1718/2006/CE, Cinneadh Uimh. 1855/2006/CE agus Cinneadh Uimh. 1041/2009/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 221).";*

*– cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (v):*

*"(v) bonneagair shóisialta, seirbhísí sóisialta, an geilleagar sóisialta agus dlúthpháirtíochta;";*

(*v*) cuirtear na pointí ▌ seo a leanas leis:

"(h) talmhaíocht ***inbhuanaithe, foraoiseacht*****,** iascach, dobharshaothrú ***agus gnéithe eile den bhithgheilleagar i gcoitinne***;

(i) ***laistigh de cheanglais an Rialacháin seo*** i gcás na réigiún beagfhorbartha agus na réigiún trasdula a liostaítear in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II faoi seach a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/99/AE ón gCoimisiún*, tionscail agus seirbhísí eile atá incháilithe do thacaíocht BEI.

---

* Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/99/AE ón gCoimisiún an 18 Feabhra 2014 lena leagtar amach liosta na réigiún a bheidh incháilithe do chistiú ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ó Chiste Sóisialta na hEorpa agus na mBallstát a bheidh incháilithe do chistiú ón gCiste Comhtháthaithe don tréimhse 2014-2020 (IO L 50, 20.2.2014, lch. 22).";

(***vi***) ▌ cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

***"Agus é á aithint gur faoi thionchar an éilimh a bheidh CEIS, ag an am céanna,*** beidh sé mar sprioc ag BEI go dtacóidh 40% ar a laghad de mhaoiniú CEIS faoin ionú bonneagair agus nuálaíochta le comhpháirteanna tionscadail a rannchuidíonn le gníomhú ar son na haeráide, i gcomhréir le gealltanais a rinneadh ag an 21ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (COP21). ***Ní dhéanfar maoiniú CEIS do FBManna ná do chuideachtaí beaga lárchaipitlithe a áireamh sa ríomh sin. Bainfidh BEI úsáid as a mhodheolaíocht a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta chun na comhpháirteanna tionscadail maidir le gníomhú ar son na haeráide nó na scaireanna costais sin a shainaithint.*** Tabharfaidh an Bord Stiúrtha treoir mhionsonraithe chuige sin***, i gcás inar gá sin***.";

(*b*) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Mairfidh an tréimhse infheistíochta ar lena linn a fhéadfar ráthaíocht AE a dheonú chun tacú le hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a chumhdaítear leis an Rialachán seo go dtí:

(a) an 31 Nollaig 2020, i gcás oibríochtaí BEI a mbeidh conradh sínithe ina leith idir BEI agus an tairbhí nó an t-idirghabhálaí airgeadais faoin 31 Nollaig 2022;

(b) an 31 Nollaig 2020, i gcás oibríochtaí CEI a mbeidh conradh sínithe ina leith idir CEI agus an t-idirghabhálaí airgeadais faoin 31 Nollaig 2022.";

(*c*) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4

***"4. I gcás inar gá agus a mhéid is féidir, comhoibreoidh BEI le bainc náisiúnta chur chun cinn nó le hinstitiúidí náisiúnta cur chun cinn agus le hardáin infheistíochta.";***

***(d)*** ***i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:***

***"Féadfaidh an Coiste Infheistíochta a chinneadh an ceart a choimeád chun thionscadail nua a fhormheas atá curtha ar aghaidh ag idirghabhálaithe airgeadais nó laistigh de mheáin incháilithe formheasta.";***

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a) d'Airteagal 10(2):

"(a) iasachtaí BEI, ráthaíochtaí, contra-ráthaíochtaí, ionstraimí margaidh caipitil, aon fhoirm eile d'ionstraim cistithe nó feabhsaithe creidmheasa, fofhiachas san áireamh, rannpháirtíochtaí cothromais nó cuasachothromais, lena n-áirítear i bhfábhar bainc náisiúnta chur chun cinn nó institiúidí náisiúnta cur chun cinn, ardáin infheistíochta nó cistí infheistíochta;";

(8) Leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Ní bheidh ráthaíocht AE, ag aon am, níos mó ná EUR 26 000 000 000, a bhféadfar cuid de a leithdháileadh le haghaidh chistiú BEI nó ráthaíochtaí BEI do CEI i gcomhréir le mír 3. Na glaníocaíochtaí comhiomlána as buiséad ginearálta an Aontais faoi ráthaíocht AE, ní bheidh siad níos mó ná EUR 26 000 000 000 agus ní bheidh siad níos mó ná EUR 16 000 000 000 roimh an 6 Iúil 2018.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. I gcás ina gcuirfidh BEI cistiú nó ráthaíochtaí ar fáil do CEI chun oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta BEI a dhéanamh, déanfaidh ráthaíocht AE foráil maidir le ráthaíocht iomlán ar an gcistiú nó ar na ráthaíochtaí sin ***suas le teorainn tosaigh EUR 6 500 000 000,*** ar choinníoll go ndéanfaidh BEI méid suas le EUR 4 000 000 000 ar a laghad de mhaoiniú nó ráthaíochtaí a chur ar fáil ***de réir a chéile*** gan cumhdach ó ráthaíocht AE ▌. Gan dochar do mhír 1, féadfaidh an Bord Stiúrtha ***teorainn EUR 6 500 000 000,*** i gcás inarb iomchuí, a choigeartú ***suas le huasmhéid EUR 9 000 000 000, gan oibleagáid a bheith ar BEI meaitseáil a dhéanamh ar na méideanna os cionn EUR 4 000 000 000.***";

(c) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a) agus phointe (b):

"(a) maidir leis na hionstraimí fiachais dá dtagraítear in Airteagal 10(2)(a):

(i) an phríomhshuim agus an t-ús go léir agus na méideanna uile a bheidh dlite do BEI ach gan a bheith faighte aige i gcomhréir le téarmaí na n-oibríochtaí maoiniúcháin go dtí tráth na mainneachtana; i gcás fofhiachais measfar cur siar, laghdú nó dul amach éigeantach bheith ina theagmhas mainneachtana;

(ii) caillteanais a eascraíonn as luaineachtaí airgeadraí eile seachas an euro i margaí nach bhfuil ach féidearthachtaí teoranta iontu fálú fadtéarmach a dhéanamh;

(b) maidir leis na hinfheistíochtaí cothromais nó cuasachothromais dá dtagraítear in Airteagal 10(2)(a), na méideanna a infheistíodh agus a gcostas cistithe gaolmhar agus caillteanais a eascraíonn as luaineachtaí airgeadraí eile seachas an euro;";

(9) Leasaítear Airteagal 12 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. Úsáidfear dearlaicí leis an gciste ráthaíochta dá dtagraítear i mír 2 chun leibhéal iomchuí (spriocmhéid) a bhaint amach ionas go léireofar oibleagáidí iomlána ráthaíocht AE. Déanfar an spriocmhéid a shocrú ag 35 % d'oibleagáidí iomlána ráthaíocht AE.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7 go mír 10:

"7. Ón 1 Eanáir 2018, más rud é go dtiteann leibhéal an chiste ráthaíochta faoi bhun 50 % den spriocmhéid, de thoradh gairmeacha ar ráthaíocht AE, nó, de réir measúnaithe riosca ón gCoimisiún, go bhféadfadh sé go dtitfidh sé faoi bhun an leibhéil sin laistigh de bhliain, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil isteach faoi aon bhearta eisceachtúla a bhféadfadh gá a bheith leo.

8. Tar éis gairm ar ráthaíocht AE, úsáidfear na dearlaicí leis an gciste ráthaíochta dá bhforáiltear i bpointe (b) agus i bpointe (d) de mhír 2 den Airteagal seo atá os cionn an spriocmhéid laistigh de theorainneacha na tréimhse infheistíochta dá bhforáiltear in Airteagal 9 le ráthaíocht AE a thabhairt ar ais chuig an méid iomlán a bhí aici.

9. Déanfar na dearlaicí leis an gciste ráthaíochta dá bhforáiltear i bpointe (c) de mhír 2 a úsáid chun ráthaíocht AE a thabhairt ar ais chuig a méid iomlán.

10. I gcás ina mbeidh ráthaíocht AE tugtha ar ais go hiomlán suas go dtí méid EUR 26 000 000 000, déanfar aon mhéid sa chiste ráthaíochta de bhreis ar an spriocmhéid a íoc le buiséad ginearálta an Aontais mar ioncam sannta inmheánach i gcomhréir le hAirteagal 21(4) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 d'aon línte buiséid a d'fhéadfadh a bheith úsáidte mar fhoinse ath-imlonnaithe chuig an gciste ráthaíochta.";

(10) Leasaítear Airteagal 14 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

"Folóidh an tacaíocht sin ***foráil*** chun tacaíocht spriocdhírithe a sholáthar maidir le húsáid cúnaimh theicniúil do struchtúrú tionscadal, le húsáid ionstraimí airgeadais nuálacha, le húsáid comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha ***agus maidir le soláthar faisnéise de réir mar is iomchuí, maidir le saincheisteanna ábhartha a bhaineann le dlí an Aontais***, agus sainiúlachtaí agus riachtanais na mBallstát i dtaca le margaí airgeadais beagfhorbartha á gcur i gcuntas, ***chomh maith leis an staid in earnálacha éagsula***.";

(ii) sa dara fomhír, cuirtear an abairt seo a leanas isteach:

"Tacóidh sé freisin le tionscadail a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide agus le tionscadail an gheilleagair chiorclaigh, nó comhpháirteanna díobh, a ullmhú, go háirithe i gcomhthéacs COP21, le tionscadail san earnáil dhigiteach a ullmhú, agus le tionscadail dá dtagraítear sa dara fleasc den tríú fomhír d'Airteagal 5(1) a ullmhú chomh maith.";

(b) leasaítear mír 2 mar seo a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c) :

"(c) leas a bhaint as eolas áitiúil chun tacaíocht CEIS a éascú ar fud an Aontais agus rannchuidiú ***go gníomhach***, i gcás inar féidir, le haidhm éagsúlú earnála agus geografach CEIS dá dtagraítear i Roinn 8 d'Iarscríbhinn II trí thacaíocht a thabhairt do BEI ***agus do bhainc náisiúnta chur chun cinn nó institiúidí náisiúnta cur chun cinn chun chun oibríochtaí a thionscnamh agus a fhorbairt, go háirithe i réigiúin bheagfhorbartha agus i réigiúin trasdula, agus, i gcás inar gá, trí chabhrú chun an t-éileamh ar thacaíocht CEIS a struchtúrú, i gcás inar gá;";***

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

"(e) tacaíocht chomhairleach, réamhghníomhach, i gcás inar gá trí láithreacht áitiúil, a sholáthar maidir le hardáin infheistíochta a bhunú, go háirithe ardáin infheistíochta trasteorann agus macrairéigiúnacha a bhfuil roinnt Ballstát agus/nó réigiún páirteach iontu;";

***(iii) cuirtear na pointí seo a leanas leis:***

***"(f) an acmhainneacht a úsáid chun tionscadail ar mhionscála a mhealladh agus a mhaoiniú, lena n-áirítear trí ardáin infheistíochta;***

(g) comhairle a sholáthar maidir le foinsí eile cistithe ón Aontas, amhail Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa, Fís 2020 agus an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013, a mheascadh le CEIS ***d'fhonn fadhbanna praiticiúla atá nasctha le húsáid na bhfoinsí comhcheangailte cistithe sin a réiteach;***

***(h)*** **tacaíocht réamhghníomhach a chur ar fáil chun na hoibríochtaí dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad mhír d'Airteagal 8 a chur chun cinn agus a spreagadh.";**

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. Chun an cuspóir dá dtagraítear i mír 1 a ghnóthú agus chun soláthar tacaíochta comhairlí a éascú ar an leibhéal áitiúil, féachfaidh MCEI le saineolas BEI, an Choimisiúin, banc nó institiúidí náisiúnta cur chun cinn, agus údaráis bhainistíochta Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa a úsáid.";

*(d)* ***cuirtear an mhír seo a leanas isteach:***

***"5a. Molfaidh BEI do thionscnóirí tionscadal a chuireann isteach ar mhaoiniú ó BEI, lena n-áirítear tionscadail ar mhionscála go háirithe, a dtionscadail a chur ar aghaidh chuig MCEI d'fhonn ullmhúchán a dtionscadal a fheabhsú, i gcás inarb iomchuí, agus/nó chun lamháil do mheasúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht tionscadail a chuachadh trí ardáin infheistíochta. Déanfaidh sé freisin tionscnóirí tionscadal ar diúltaíodh maoiniú ó BEI dóibh, nó a bhfuil bearna mhaoinithe acu in ainneoin maoiniú BEI féideartha, a chur ar an eolas faoin deis a dtionscadail a liostú ar an Tairseach Eorpach de Thionscadail Infheistíochta.";***

(e) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

"Maidir le comhar idir, ar thaobh amháin MCEI agus, ar an taobh eile, banc nó institiúid náisiúnta cur chun cinn, institiúid idirnáisiúnta ***airgeadais*** nó institiúid nó údarás bainistíochta, lena n-áirítear iad siúd atá ag gníomhú mar chomhairleoir náisiúnta, ag a bhfuil saineolas is ábhartha chun críocha MCEI, féadfaidh sé a bheith i bhfoirm comhpháirtíochta conarthaí. ***Féachfaidh MCEI le comhaontú comhair amháin ar a laghad a chur i gcrích, in aghaidh gach Ballstáit, le banc nó institiúid náisiúnta cur chun cinn. Sna Ballstát nach ann do bhainc náisiúnta chur chun cinn ná d'institiúidí náisiúnta cur chun cinn, ba cheart do MCEI tacaíocht chomhairleach réamhghníomhach a sholáthar ar an mbanc nó ar an institiúid sin a bhunú, i gcás inarb iomchuí, agus arna iarraidh sin ag an mBallstát i dtrácht.";***

*(f) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:*

*"6a. Chun for-rochtain gheografach leathan ar sheirbhísí comhairleacha ar fud an Aontais a fhorbairt agus chun eolas áitiúil faoi CEIS a ghiaráil go rathúil, déanfar láithreacht áitiúil MCEI a áirithiú i gcás inar gá, agus scéimeanna tacaíochta atá ann cheana á chur i gcuntas, d'fhonn cúnamh atá inláimhsithe, réamhghníomhach agus saincheaptha a sholáthar ar an leibhéal áitiúil. Déanfar é a bhunú go háirithe i mBallstáit nó i réigiúin ina bhfuil deacrachtaí maidir le tionscadail a fhorbairt faoi CEIS. Tabharfaidh MCEI cúnamh le linn eolas a aistriú chun an leibhéil réigiúnaigh nó áitiúil d'fhonn acmhainn agus saineolas réigiúnach agus áitiúil a fhorbairt.";*

*(g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:*

*"7. Cuirfear méid tagartha bliantúil EUR 20 000 000 ar fáil ó bhuiséad ginearálta an Aontais chun rannchuidiú le costais oibríochtaí MCEI a chlúdach go dtí an 31 Nollaig 2020 le haghaidh na seirbhísí dá dtagraítear i mír 2, sa mhéid nach gcumhdaítear na costais sin ag an méid atá fágtha ó tháillí dá dtagraítear i mír 4.";*

*(11) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 16(1):*

*"1. Cuirfidh BEI gach sé mhí, i gcomhar le CEI, i gcás inarb iomchuí, tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin maidir le hoibríochtaí maoinithe agus infheistíochta BEI a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Beidh sa tuarascáil measúnú ar chomhlíonadh na gceanglas maidir le húsáid ráthaíocht AE agus na bpríomhtháscairí feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 4(2)(f)(iv). Beidh sa tuarascáil freisin sonraí staidrimh, airgeadais agus cuntasaíochta maidir le gach oibríocht maoinithe agus infheistíochta de chuid BEI agus ar bhonn comhiomlán. Uair amháin in aghaidh na bliana, beidh sa tuarascáil freisin faisnéis maidir le bacainní ar infheistíocht a bhainfidh do BEI agus oibríochtaí infheistíochta a chumhdaítear leis an Rialachán seo á gcur i gcrích.";*

*(12) Leasaítear Airteagal 17 mar a leanas:*

*(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:*

*"1. Ar iarraidh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle, tuairisceoidh Cathaoirleach an Bhoird Stiúrtha agus an Stiúrthóir Bainistíochta don institiúid iarrthach maidir le feidhmíocht CEIS, lena n-áirítear, sa chás go n-iarrann Parlaimint na hEorpa a leithéid, trí pháirt a ghlacadh in éisteacht os comhair Pharlaimint na hEorpa. Ina theannta sin, ar iarraidh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle, tuairisceoidh an Stiúrthóir Bainistíochta chun na hinstitiúide iarrthaí maidir le hobair an Choiste Infheistíochta.";*

***(b)*** ***cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:***

***"2. Freagróidh Cathaoirleach an Bhoird Stiúrtha agus an Stiúrthóir Bainistíochta ó bhéal nó i scríbhinn ceisteanna a dhíreoidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle chuig CEIS, agus ar aon chor laistigh de chúig seachtaine ón dáta a bhfaightear ceist. Ina theannta sin, freagróidh an Stiúrthóir Bainistíochta ó bhéal nó i scríbhinn do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle ceisteanna maidir le hobair an Choiste Infheistíochta.";***

(13) Leasaítear Airteagal 18 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

"6. ***Sula gcuirfear síos aon togra nua i gcreat an chreata airgeadais ilbhliantúil dar tús 2021 agus faoi dheireadh na tréimhse infheistíochta***, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina mbeidh meastóireacht neamhspleách ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ***lena n-áireofar an méid seo a leanas***:

***(a)*** ***measúnú ar fheidhmiú CEIS, ar úsáid ráthaíocht AE agus ar fheidhmiú MCEI;***

*(b) measúnú ar an úsáidtear, le CEIS, acmhainní de chuid bhuiséad ginearálta an Aontais ar bhealach maith, an slógtar leibhéal leordhóthanach de chaipiteal príobháideach, agus an ndéantar infheistíocht phríobháideach a charnadh isteach;*

*(c) measúnú ar an cabhair í scéim a choinneáil chun tacú le hinfheistíocht ó thaobh na maicreacnamaíochta de;*

*(d) faoi dheireadh na tréimhse infheistíochta, measúnú ar fheidhmiú an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 4(2)(a)(v).";*

(b) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:*

*"7. Agus aird chuí á tabhairt aige ar an gcéad tuarascáil ina bhfuil meastóireacht neamhspleách dá dtagraítear i mír 6, cuirfidh an Coimisiún, más iomchuí, togra reachtach chun tosaigh mar aon le maoiniú iomchuí faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil dar tús 2021.";*

***(ba) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:***

***"8. Beidh sna tuarascálacha dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo measúnú maidir le húsáid an scórchláir dá dtagraítear in Airteagal 7(14) agus in Iarscríbhinn II, go háirithe maidir le breithniú a dhéanamh ar a oiriúnaí atá gach colún agus a róil faoi seach sa mheasúnú. Más iomchuí agus má tá bonn cirt lena torthaí, beidh ag gabháil leis an tuarascáil togra maidir le hathbhreithniú ar an ngníomh tarmligthe, dá dtagraítear in Airteagal 7(14).";***

(14) In Airteagal 19, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

"Cuirfidh BEI agus CEI na tairbhithe deiridh, FBManna san áireamh, ar an eolas go bhfuil tacaíocht le fáil ó CEIS, nó cuirfidh sé iallach ar idirghabhálaithe airgeadais iad a chur ar an eolas faoi sin ***tríd an bhfaisnéis sin a thaispeáint ar dhóigh infheicthe, go háirithe i gcás FBManna, sa chomhaontú ábhartha lena gcuirtear tacaíocht CEIS ar fáil, rud a dhéanfaidh feasacht an phobail a mhéadú agus infheictheacht a fheabhsú.";***

***(15) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 20(2):***

***"2. Chun críche mhír 1 den Airteagal seo agus ar iarraidh ón gCúirt Iniúchóirí agus i gcomhréir le hAirteagal 287(3) CFAE, deonófar rochtain di ar aon doiciméad nó faisnéis is gá chun a cúram a chomhlíonadh.";***

(16) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 22(1):

"1. Ina n-oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a chumhdaítear faoin Rialachán seo, ***déanfaidh*** BEI ***agus*** CEI ***reachtaíocht an Aontais is infheidhme agus caighdeáin chomhaontuithe idirnáisiúnta agus Aontais a chomhlíonadh agus, dá bhrí sin,*** ní thacóidh siad le ***tionscadail faoin Rialachán seo a rannchuidíonn*** le sciúradh airgid, maoiniú ***sceimhlitheoireachta, seachaint cánach***, calaois chánach nó imghabháil cánach ▌.

***Thairis sin***, ní dhéanfaidh BEI agus CEI o***ibríochtaí nua nó athnuaite le heintitis atá ionchorpraithe nó bunaithe i ndlínsí a liostaítear faoi bheartas ábhartha an Aontais maidir le dlínsí neamh-chomhoibríocha, nó a shainaithnítear mar thríú tíortha ardriosca de bhun Airteagal 9(2) de Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[*], nó nach gcomhlíonann go héifeachtach na caighdeáin chánach maidir le trédhearcacht agus malartú faisnéise atá ag AE nó*** atá comhaontaithe go hidirnáisiúnta.

*Nuair a bheidh comhaontuithe á dtabhairt i gcrích le hidirghabhálaithe airgeadais, déanfaidh BEI agus CEI na ceanglais dá dtagraítear san Airteagal seo a thrasuí sna comhaontuithe ábhartha agus iarrfaidh siad ar na hidirghabhálaithe airgeadais tuairisciú a dhéanamh maidir lena n-urramú.*

*Déanfaidh BEI agus CEI athbhreithniú ar a mbeartas maidir le dlínsí neamh-chomhoibríocha ar a dhéanaí tar éis ghlacadh liosta an Aontais de dhlínsí atá neamh-chomhoibríoch chun críocha cánach.*

*Gach bliain ina dhiaidh sin, cuirfidh BEI agus CEI tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme a mbeartas i ndáil le dlínsí neamh-chomhoibríocha i dtaca le hoibríochtaí maoinithe agus infheistíochta CEIS lena n-áirítear faisnéis de réir gach tíre agus liosta d'idirghabhálaithe lena bhfuil BEI agus CEI ag comhoibriú.*

______________

* *Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73)."*;

(17) In Airteagal 23(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte agus an dara habairt den chéad fhomhír:

"Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 7(13) agus (14) a thabhairt don Choimisiún ar feadh tréimhse cúig bliana amhail ón 4 Iúil 2015. Déanfaidh an Coimisiún tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana tuarascáil a ullmhú maidir le tarmligean na cumhachta.";

(18) Déantar Iarscríbhinn II a leasú mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 mar a leanas:

(1) In Airteagal 5, cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 1:

"1. Tá an t-imchlúdach airgeadais chun SCE a chur chun feidhme don tréimhse 2014 go 2020 socraithe ag EUR ***30 192 259 000*** i bpraghsanna reatha. Leithdháilfear an méid sin mar a leanas:

(a) an earnáil iompair: EUR ***24 050 582 000***, as a n-aistreofar EUR 11 305 500 000 ón gCiste Comhtháthaithe le caitheamh i gcomhréir leis an Rialachán seo go heisiach i mBallstáit a bheidh incháilithe le haghaidh cistiú ón gCiste Comhtháthaithe;

(b) an earnáil teileachumarsáide: EUR ***1 066 602 000***;

(c) an earnáil fuinnimh: EUR ***5 075 075 000***.

Tá na méideanna sin gan dochar don sásra solúbthachta a chur i bhfeidhm dá bhforáiltear faoi Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle*.

---

* Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014 go 2020 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 884).";

*(2) In Airteagal 14, cuirtear na míreanna seo a leanas leis:*

*"5. De mhaolú ar an dara agus ar an tríú fomhír d'Airteagal 140(6) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, is éard a bheidh in ioncam agus in aisíocaíochtaí ó na hionstraimí airgeadais a bhunaítear faoin Rialachán seo agus ó na hionstraimí airgeadais arna mbunú faoi Rialachán (CE) Uimh. 680/2007 a rinneadh a mheascadh le hionstraimí airgeadais a bhunaítear faoin Rialachán seo, i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo, is éard a bheidh san ioncam agus sna haisíocaíochtaí sin ioncam inmheánach sannta de réir bhrí Airteagal 21(4) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 don Chiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha arna bhunú le Rialachán (AE) 2015/2017 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*[*]

*6. De mhaolú ar an dara agus an tríú fomhír d'Airteagal 140(6), de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, is éard a bheidh in ioncam agus in aisíocaíochtaí ó Chiste Eorpach 2020 d'Fhuinneamh, d'Athrú Aeráide & do Bhonneagar ("Ciste Marguerite"), arna bhunú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 680/2007, ioncam sannta inmheánach de réir bhrí Airteagal 21(4) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 don Chiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha arna bhunú le Rialachán (AE) 2015/2017."*

---

* *Rialachán (AE) 2015/1017 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2015 maidir leis an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha, leis an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht agus leis an Tairseach Eorpach de Thionscadail Infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 – an Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (IO L 169 1.7.2015, lch. 1)..*

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa ...,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

## IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/1017 mar a leanas:

(1) Leasaítear Roinn 2 mar a leanas:

(a) i bpointe (b), cuirtear ***na míreanna seo a leanas*** leis:

"Beidh tacaíocht CEIS do mhótarbhealaí ***teoranta d'***infheistíocht phríobháideach ***agus/nó*** d'infheistíocht ***phoiblí maidir leis an méid seo a leanas***:

– iompar i dtíortha an chomhtháthaithe, i ***réigiúin bheagfhorbartha*** nó i dtionscadail iompair trasteorann ▌;

– ***uasghrádú, sábháilteacht ar bhóithre a chothabháil nó a fheabhsú, gléasanna córais chliste iompair (ITS) a fhorbairt nó sláine agus caighdeáin na mótarbhealaí atá ann cheana ar an ngréasán iompair tras-Eorpach a ráthú, go háirithe limistéir shábháilte pháirceála, stáisiúin bhreoslaí glana malartacha agus córais luchtaithe leictreacha;***

– ***cur leis an líonra iompair tras-Eorpach a chur i gcrích faoi 2030.***

***Beidh tacaíocht CEIS inúsáidte go sainráite chun bonneagar iompair atá ann cheana a chothabháil agus a uasghrádú.";***

(b) i bpointe (c), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

"Sa chomhthéacs sin, táthar ag súil go gcuirfidh BEI maoiniú ar fáil faoi CEIS d'fhonn teacht ar sprioc fhoriomlán EUR 500 000 000 000 ar a laghad d'infheistíocht phoiblí nó phríobháideach, lena n-áirítear maoiniú a shlógtar trí CEI faoi oibríochtaí CEIS a bhaineann leis na hionstraimí dá dtagraítear in Airteagal 10(2)(b), trí bhainc náisiúnta chur chun cinn nó institiúidí náisiúnta cur chun cinn agus rochtain níos fearr ar mhaoiniú d'eintitis a bhfuil suas le 3 000 fostaí acu.";

(2) I Roinn 3, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

"(d) go ginearálta, dhéanfaí oibríochtaí a aicmiú mar ghníomhaíochtaí speisialta má tá ceann amháin nó níos mó de na gnéithe seo a leanas iontu:

– fo-ordú i ndáil le hiasachtóirí eile, lena n-áirítear bainc náisiúnta chur chun cinn agus iasachtóirí príobháideacha;

– rannpháirtíocht in ionstraimí comhroinnte riosca i gcás ina bhfuil neamhchosaint ar leibhéil arda riosca ag BEI faoin suíomh a thógtar;

– neamhchosaint ar rioscaí sonracha***, amhail rioscaí tírshonracha, earnáilsonracha nó réigiúnsonracha, go háirithe na rioscaí a bhíonn ann i réigiúin bheagfhorbartha agus i réigiúin trasdula, agus/nó rioscaí a bhaineann le nuálaíocht, go háirithe maidir le teicneolaíochtaí*** neamhchruthaithe ***atá in ainm is fás, inbhuanaitheacht agus táirgíocht a fheabhsú;***

– tréithe de chineál cothromais, amhail íocaíochtaí atá nasctha le feidhmíocht; nó

– - gnéithe inaitheanta eile a bhfuil mar thoradh orthu neamhchosaint níos airde ar riosca de réir threoirlínte BEI ***amhail riosca contrapháirtí, slándáil theoranta agus gan dul in iontaoibh ach amháin ar shócmhainní tionscadal le haisíoc.";***

(3) I Roinn 5, cuirtear isteach an abairt seo a leanas:

"Cuirfear an scórchlár ar fáil go poiblí a luaithe a shínítear oibríocht faoi ráthaíocht AE, ach nach n-áireofar ann faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála.";

(4) Leasaítear Roinn 6 mar a leanas:

(a) leasaítear pointe (b) mar a leanas:

(i) sa chéad fhleasc, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte agus an dara habairt:

"I gcás oibríochtaí de chineál fiachais, déanfaidh BEI nó CEI a mheasúnú i ndáil le riosca caighdeánach, lena mbaineann an dóchúlacht mainneachtana agus an ráta gnóthaithe a ríomh. Bunaithe ar na paraiméadair seo, cainníochtóidh BEI nó CEI an riosca do gach oibríocht.";

(ii) sa dara fleasc, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

"Gheobhaidh gach oibríocht de chineál fiachais aicmiú riosca (Grádú Iasacht an Idirbhirt) de réir chóras BEI nó chóras CEI de ghrádú iasachtaí.";

(iii) sa tríú fleasc, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

"Beidh tionscadail inmharthana go heacnamaíoch agus go teicniúil agus déanfar maoiniú BEI a struchtúrú i gcomhréir le prionsabail fhónta bhaincéireachta agus comhlíonfaidh siad na prionsabail ardleibhéil bhainistithe riosca a shocraítear ag BEI nó ag CEI ina threoirlínte inmheánacha.";

***(iv) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ceathrú fleasc:***

***"Déanfar táirgí de chineál fiachais a phraghsáil i gcomhréir le hAirteagal 4(2)(a)(iv).";***

(b) leasaítear pointe (c) mar a leanas:

(i) sa chéad fhleasc, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

"Beidh an cinneadh i dtaobh cé acu a sheasann oibríocht rioscaí de chineál cothromais nó nach seasann, is cuma cén fhoirm dhlíthiúil agus cén ainmníocht í, bunaithe ar mheasúnú caighdeánach BEI nó CEI.";

(ii) sa dara fleasc, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

"Is i gcomhréir le rialacha agus le nósanna imeachta inmheánacha BEI nó CEI a dhéanfar oibríochtaí de chineál cothromais BEI.";

***(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fleasc:***

***"Déanfar infheistíochtaí de chineál cothromais a phraghsáil i gcomhréir le hAirteagal 4(2)(a)(iv).";***

(5) I Roinn 7, pointe (c), scriostar an focal "tosaigh";

(6) Leasaítear Roinn 8 mar a leanas:

(a) sa dara habairt den chéad fhomhír, scriostar an focal "tosaigh";

(b) sa chéad abairt den chéad fhomhír de phointe (a), scriostar an focal "tosaigh";

(c) sa chéad abairt de phointe (b), scriostar an focal "tosaigh".

**Ráiteas ón gCoimisiún maidir leis an méadú de EUR 225 milliún i gclár Shaoráid um Chónascadh na hEorpa**

Mar thoradh ar an gcomhaontú polaitiúil idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle maidir le maoiniú CEIS 2.0, déanfar EUR 275 milliún a ath-imlonnú ó ionstraimí airgeadais SCE , ar laghdú de EUR 225 milliún é sin i gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún.

Dearbhaíonn an Coimisiún go ndéanfar an cláreagrú airgeadais a leasú chun freagairt don mhéadú comhfhreagrach de EUR 225 milliún i gclár SCE.

I gcreat na nósanna imeachta buiséadacha bliantúla do na blianta 2019-2020, cuirfidh an Coimisiún na tograí iomchuí ar aghaidh chun leithdháileadh optamach an mhéid sin laistigh de chlár SCE a áirithiú.